# NATIONAL COUNCIL FOR SPECIAL EDUCATION

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA UM OIDEACHAS SPEISIALTA

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch

31 Nollaig 2017

## An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

### Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

---

**CLÁR ÁBHAR** | **LEATHANACH**


| | |
|---|---|
| EOLAS | 2 |
| TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 3-4 |
| RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL Ó BHAILL NA COMHAIRLE | 5-10 |
| RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH | 11-13 |
| RÁITIS AIRGEADAIS AGUS NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS | 14-29 |

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Eolas

---

**Baill na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta in 2017.**

An tUas. Eamon Stack (Cathaoirleach)
An tOll. Sheelagh Drudy (Leas-Chathaoirleach)
Aine Lynch, Uas.
Anne Tansey, Uas.
Antoinette Nic Gearailt, Uas.,
An tUas. Don Mahon
Eithne Fitzgerald, Uas.
An Dr Finian O'Shea
Helen Guinan, Uas.
An tUas Joe Hayes
An tUas. Johnny Murphy
Marian Meany, Uas.
An tUas. Tom O'Sullivan

### Príomhfheidhmeannach

Teresa Griffin Uas.

### Ceannoifig:

1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí

### Cuntasóirí:

Mazars, Bloc 3, Ionad Harcourt, Bóthar Harcourt, Baile Átha Cliath 2

### Iniúchóirí:

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 3A, Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

### Baincéirí:

Banc na hÉireann, Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2

Banc na hÉireann, Cearnóg an Mhargaidh, an Uaimh, Co. na Mí,

Bainc Aontas Éireann, 26 Sráid Naomh Pádraig, Corcaigh

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Comptroller and Auditor General

### Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

**Tuairim ar na ráiteas airgeadais**

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 mar a éilítear faoi fhorálacha an Achta um Oideachas do dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu, 2004. Ar na ráitis airgeadais áirítear

- ráiteas ioncaim agus caiteachais agus ar chúlchistí coinneála ioncaim
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid airgeadais
- ráiteas sreafaí airgid, agus
- na nótaí a ghabhann leo lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

I mo thuairim tugtar léargas fíor cothrom sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Comhairle amhail an 31 Lúnasa 2017 agus ar a hioncam agus a caiteachas le linn 2017 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa R.A. agus i bPoblacht na hÉireann.*

**Bunús na tuairime**

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) de réir mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta iad. Tá cur-síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin seo san aguisín leis an tuairisc seo. Táim neamhspleách ar an gComhairle agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí í an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bonn do mo thuairim a sholáthar.

**Tuairisc ar eolas eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar ghnóthaí eile**

Tá eolas áirithe churtha i láthair ag an gComhairle mar aon leis na ráitis airgeadais. Áirítear air seo an ráiteas ar rialachas agus tuairisc ó bhaill na Comhairle ar rialú inmheánach. Tá cur-síos san aguisín a ghabhann leis an tuairisc seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisciú i ndáil lena leithéid d'eolas agus i ndáil le gnóthaí áirithe eile a dtuairiscím orthu d'eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú ina thaobh seo.

*(Síniú)*

**Colette Drinan**
**Ar son agus thar ceann**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

11 Nollaig 2018

## Aguisín leis an tuairisc

### Freagrachtaí ball na Comhairle

Sa ráiteas rialachais agus sa tuairisc ó bhaill na Comhairle leagtar amach freagrachtaí ball na Comhairle. Tá baill na Comhairle freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú sa bhfoirm atá leagtha síos faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu, 2004
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an bhonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh iomchuí agus
- an rialú inmheánach siúd a mheastar a bheith riachtanach chun ullmhú ráitis airgeadais a chumasú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, is cuma an mar thoradh ar chalaois nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu, 2004, tá orm iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Comhairle agus tuairisc a thabhairt orthu chuig Tithe an Oireachtais.

Is í mo chuspóir agus an iniúchadh á dhéanamh agam cinnteacht réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Ardleibhéal cinnteachta is ea cinnteacht réasúnta ach ní ráthaíocht í go n-aimsíonn iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna míráiteas i gcónaí más ann dó. Féadann míráitis teacht chun cinn mar thoradh ar chalaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha go réasúnta, ina n-aonair nó ina gcomhiomlán, má théann siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíochta a ghlacann úsáideoirí ar bhonn na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid iniúchta de réir na nISAnna cleachtaim breithiúnas proifisiúnta agus cloím le sceipteachas proifisiúnta le linn an iniúchta ar fad. Agus seo á dhéanamh agam

- Aimsím rioscaí go ndéanfaí míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu, de dheasca calaoise nó earráide; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin agus cuirim i gcrích iad; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Tá an riosca nach n-aimseofaí míráiteas ábhartha a dhéantar mar thoradh ar chalaois níos mó ná ceann a dhéantar mar thoradh ar earráid ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó nó bréagléiriú a bheith i gceist, é sin nó d'fhéadfaí rialú inmheánach a shárú.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh a oireann do na cúinsí ach ní chun tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastacháin chuntasaíochta agus
- Déanaim cinntí maidir le cuibhiúlacht úsáid an bhoinn ghnóthais leantaigh cuntasaíochta agus, ar bhonn na fianaise iniúchóireachta a fuair mé, maidir le neamhchinnteacht ábhartha a bheith ann a bhaineann le teagmhais nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a ar nochtuithe a bhaineann leo. chaitheamh ar chumas na Comhairle leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thátal as go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann tá orm aird a tharraingt i mo thuairisc ar na nochtuithe a bhaineann léi sna ráitis airgeadais, é sin nó, má tá na nochtuithe sin easnamhach, tá orm mo thuairim a athrú. Tá mo chuid tátal bunaithe ar an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam suas chuig dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh nach leanfadh an Institiúid ar aghaidh mar ghnóthas leantach mar thoradh ar theagmhais nó coinníollacha a tharlóidh amach anseo, áfach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar na ráitis airgeadais ar an iomlán. Áirítear air seo na nochtuithe agus cé acu an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais ar shlí lena mbaintear léiriú cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá i mbun rialachais maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí tábhachtacha an iniúchta, i measc rudaí eile. Áirítear orthu seo easnaimh shuntasacha ar bith maidir le rialú inmheánach a aimsím le linn m'iniúchta.

#### Eolas eile seachas na ráitis airgeadais

Ní phléann mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile a cuireadh i láthair agus a ghabhann leis na ráitis sin agus ní chuirim in iúl aon tátal cinnteachta ar bith ina thaobh.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais tá orm, faoi na ISAnna, an t-eolas eile a cuireadh i láthair a léamh agus a mheas an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas eile ag teacht, ar an iomlán, leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, é sin, nó cé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon dealramh air gur mí-shonraíodh é ar shlí éigin eile. Má bhainim de thátal as go bhfuil, ar bhonn na hoibre atá déanta agam, míráiteas ábhartha ag baint leis an eolas eile sin, tá orm é seo a thuairisciú.

#### Ag tuairisciú ar ghnóthaí eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a ghabhann leis na comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú.Tuairiscím má tá gnóthaí ábhartha eile a bhaineann leis an tslí ina bhfuil gnó poiblí curtha i gcrích.

Féachaim le fianaise maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais a aimsiú i rith an iniúchta. Tuairiscím ar aon ásc nithiúil nár cuireadh airgid chun feidhme chun na gcríoch a bhí ceaptha dóibh ná nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad.

Lena chois sin tuairiscím d'eisceacht má tharla aon chás díobh seo a leanas, i mo thuairim:

- Mura bhfuair mé gach eolas agus míniú a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- Murar leor iad na taifid chuntasaíochta chun iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go tráthúil agus go cuí, nó
- Mura réitíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
## Ráiteas Rialachais agus Tuairisc ó Bhaill na Comhairle

---

**Rialachas**

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) mar chomhlacht reachtúil neamhspleách trí ordú an Aire Oideachais agus Eolaíochta (Scileanna sa lá atá inniu ann) i mí na Nollag 2003. Bunaíodh go foirmiúilé Faoin Acht um Oideachas do dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu, 2004 (Acht EPSEN) le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2005.

Tá feidhmeanna na Comhairle leagtha amach in alt 20 d'Acht EPSEN. Tá an Chomhairle freagrach don Aire Oideachais agus Scileanna agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Is é an POF a dhéanann foireann, riarachán agus gnó na Comhairle a bhainistiú agus a rialú go ginearálta de réir mar atá leagtha amach in alt 24 d'Acht EPSEN. Is é an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bainistíochta shinsearach atá freagrach as as an gComhairle a bhainistiú agus a rialú agus as treo a thabhairt di ó lá go lá. Leanann an POF agus an fhoireann bainistíochta shinsearach an treo straitéiseach atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise (2017-2021) atá faofa ag an gComhairle agus déanann siad deimhin de go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball den gComhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar rioscaí suntasacha ar bith ar dócha go dtiocfaidís chun cinn.

**Freagrachtaí na Comhairle**

Tá obair agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach in Acht EPSEN agus sa Treoir um Rialachas Corparáideach do bhaill na Comhairle ina leagtar amach go sainiúil gnóthaí nach ndéileálann ach an Chomhairle leo. Mínítear gnó agus dualgais na Comhairle tuilleadh i Téarmaí Tagartha agus i mbuanorduithe na Comhairle. Ar na míreanna buana a phléann an Chomhairle áirítear:

- léiriú leasanna,
- tuairiscí ó choistí
- tuairiscí airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuairiscí, feidhmíochta
- gnóthaí atá curtha ar leataobh agus
- athbhreithniú ar rioscaí a bhaineann leis an gComhairle

De réir ailt 29 d'Acht EPSEN tá ar Chomhairle NCSE gach gnáthchuntas cuí d'airgead a gheibheann sí agus a chaitheann sí a choinneáil i cibé foirm a cheadóidh an tAire Oideachais agus Scileanna le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na cuntais airgeadais seo á n-ullmhú aici tá ar Chomhairle NCSE:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura neamhoiriúnach é a thoimhdiú go leanfaidh sí i mbun feidhme, agus
- a shonrú ar comhalladh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Is í an Chomhairle atá freagrach leis, as taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil a nochtann le cinnteacht réasúnta a staid airgeadais am ar bith agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le riachtanais Acht EPSEN. Cloíonn an NSCE le nósanna imeachta cuntasaíochta an rialtais maidir le hullmhú na ráitis airgeadais agus faoi Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann).

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas Rialachais agus Tuairisc ó Bhaill na Comhairle

---

Tá an Chomhairle freagrach as an plean bliantúil agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht NCSE trí thagairt don bplean agus don mbuiséad bliantúil ag cruinniú na Comhairle ar an 5-6 Nollaig 2017. Is é an Chomhairle atá freagrach leis, as a cuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Lena chois sin déanann an Chomhairle measúnú cuí ar phríomhrioscaí an NCSE lena n-áirítear cur-síos ar na rioscaí seo mar aon le bearta nó straitéisí cuí maolaithe.

Le linn 2017 tháinig roinnt seirbhísí nua faoi choimirce an NCSE (féach Nóta 2). Bhí gá le cuntais an NCSE agus cuntais na seirbhísí seo a chomhdhlúthú agus ghlac an NCSE am chun na cuntais seo a chomhdhlúthú d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin airgeadais agus na riachtanais tuairiscithe, mar theagmhas aon-uaire in 2017.

Measann an Chomhairle go dtugtar léargas fíor cothrom i ráitis airgeadais an NCSE ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an NCSE amhail an 31 Nollaig 2017.

**Struchtúr na Comhairle**

Tá an Chomhairle comhdhéanta de Chathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus aon ghnáthbhall déag. Is é an tAire Oideachais agus Scileanna a cheapann iad seo go léir. Tá d'oibleagáid ar an gComhairle sé chruinniú in aghaidh na bliana a reáchtáil ar a laghad. In 2017 bhí seacht gcruinniú ag an gComhairle. Ceapadh an Cathaoirleach i gcomhair tréimhse trí bliana. Ceapadh baill eile na Comhairle i gcomhair tréimhse dhá bhliana go leith. Rachaidh ballraíocht den gComhairle in éag do gach ball ar an 31 Nollaig 2018.

Sa tábla thíos mínítear sonraí na tréimhse cheapacháin do bhaill reatha:

| Ball Comhairle | Ról | Dáta ceaptha |
|---|---|---|
| Eamonn Stack* | Cathaoirleach | 1 Eanáir 2016 |
| Sheelagh Drudy* | Leas-Chathaoirleach | 27 Iúil 2016 |
| Eithne Fitzgerald* | Gnáthbhall | 27 Iúil 2016 |
| Helen Guinan* | Gnáthbhall | 27 Iúil 2016 |
| Joe Hayes | Gnáthbhall | 27 Iúil 2016 |
| Aine Lynch | Gnáthbhall | 27 Iúil 2016 |
| Don Mahon | Gnáthbhall | 27 Iúil 2016 |
| Marion Meany | Gnáthbhall | 27 Iúil 2016 |
| Johnny Murphy | Gnáthbhall | 27 Iúil 2016 |
| Antoinette Nic Gearailt | Gnáthbhall | 27 Iúil 2016 |
| Finian O'Shea | Gnáthbhall | 27 Iúil 2016 |
| Tom O'Sullivan* | Gnáthbhall | 27 Iúil 2016 |
| Anne Tansey | Gnáthbhall | 27 Iúil 2016 |

*Tá na baill a bhfuil * lena n-ainmneacha ag fónamh ar an gComhairle den dara téarma as a chéile*

Rinne an Chomhairle measúnú féinmheastóireachta ar a feidhmiú féin agus ar fheidhmiú a cuid coistí le linn 2017. D'aontaigh an Chomhairle próiseas le haghaidh Athbhreithniú Éifeachtachta agus Measúnaithe ar an gComhairle anuraidh a chuirfear i gcrích le linn 2018.

Bhunaigh an Chomhairle cúig Choiste faoi Alt 33 d'Acht EPSEN. Tuairiscíonn na Coistí chuig an gComhairle de réir a gcuid téarmaí tagartha agus treoirlíne rialachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle. Fónann baill na Comhairle ar Choiste amháin nó ar níos mó Coistí. I gcás an Choiste Iniúchóireachta & Riosca tá Cathaoirleach seachtrach ceaptha ag an gComhairle ag a bhfuil an saineolas ábhartha.

---

Tá na coistí mar a leanas:

**1. Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Ar an gCoiste tá ceithre bhall Comhairle agus Cathaoirleach seachtrach. Is é an ról atá ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ná tacú le Comhairle an NCSE maidir lena freagrachtaí as ceisteanna riosca, rialú agus rialachas trí athbhreithniú a dhéanamh ar iomláine a gcuid dearbhuithe iontaofachta i ndáil le riachtanais na Comhairle maidir le dearbhuithe iontaofachta a chomhlíonadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus iomláine na ndearbhuithe iontaofachta seo.

Coiste neamhspleách atá ann ó thaobh feidhmiú de, freagrachtaí, clár oibre a chinntiú agus monatóireacht air. Níltear faoi smacht ag treoir ná rialú ó aon pháirtí eile a d'fhéadfadh cur isteach ar an bhfeidhmiú. Bíonn ar a laghad ceithre chruinniú in aghaidh bliana ag an gCoiste. Scaiptear na miontuairiscí ar na baill uilig agus tuairiscíonn an Coiste Iniúchadh agus Riosca chuig an gComhairle tar éis gach cruinniú Coiste.

Mar leanas baill an Choiste Iniúchadh agus Riosca: John Fitzgerald (Cathaoirleach), Eamon Stack, Sheelagh Drudy, Helen Guinan, Don Mahon. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchadh agus Riosca i 2017.

**2. An Coiste Feidhmíochta POF**

Ar an gCoiste Feidhmíochta POF tá trí bhall Comhairle, Cathaoirleach na Comhairle san áireamh. Is é ról an Choiste ná athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an POF maidir leis an bPlean Gnó eagraíochta. Bíonn ar a laghad dhá chruinniú in aghaidh bliana. Mar leanas baill an Choiste Feidhmíochta POF: Eamon Stack (Cathaoirleach), Helen Guinan agus Tom O'Sullivan. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste Feidhmíochta POF i 2017.

**3. An Coiste Airgeadais**

Ar an gCoiste Airgeadais tá ceithre bhall Comhairle. Is é ról an Choiste Airgeadais ná an Chomhairle a uasdátú is a chomhairliú maidir lena staid airgeadais. Ról comhairlitheach atá ag an gCoiste, iad ag tuairisciú agus ag moladh chun tacú le cinntí airgeadais na Comhairle á ndéanamh. Mar leanas baill an Choiste Airgeadais: Don Mahon (Cathaoirleach), Joe Hayes, Marion Meany agus Antoinette Nic Gearailt. Bhí naoi gcruinniú ag an gCoiste Airgeadais i 2017.

**4. An Coiste Taighde**

Ar an gCoiste Taighde tá ceathrar ball Comhairle. Cuireann an Coiste Taighde comhairle ar an gComhairle faoi chlár agus beartas taighde. Bíonn ionchur cuí saineolach uathu maidir le polasaí taighde na Comhairle agus a gclár ilbhliantúil taighde a fhorbairt go straitéiseach. Mar leanas baill an Choiste Taighde: Sheelagh Drudy (Cathaoirleach), Johnny Murphy, Finian O'Shea agus Anne Tansey. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Taighde i 2017.

**5. An Coiste Straitéise agus Beartais**

Ar an gCoiste Straitéise agus Beartais tá ceathrar ball Comhairle. Is é ról an Choiste ná ionchur cuí a sholáthar maidir le comhairle beartais agus gníomh leanúnach an straitéiseach an NCSE a fhorbairt. Mar leanas baill an Choiste Straitéise agus Beartais: Helen Guinan (Cathaoirleach), Eithne Fitzgerald, Aine Lynch agus Tom O'Sullivan. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Straitéise agus Beartais i 2017.

### Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe Comhairle agus cruinnithe Coiste in 2017 leagtha amach anseo thíos mar aon le táillí agus speansais a fuair gach ball i ndáil lena gcuid dualgais Chomhairle.

| Líon cruinnithe | Comhairle | Coiste Iniúchóireachta & Riosca | POF Coiste Feidhmíochta | Coiste Airgeadais | Coiste Taighde | Coiste Straitéise & Beartais | Táillí 2017 € | Speansais 2017 € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Eamonn Stack | 7 | 2 | 2 | | | | | 7,537 |
| Sheelagh Drudy | 7 | 4 | | | 5 | | | 508 |
| Eithne Fitzgerald | 7 | | | | | 4 | | 69 |
| Helen Guinan | 7 | 4 | 2 | | | 4 | | 3,414 |
| Joe Hayes | 6 | | | 8 | | | | 0 |
| Aine Lynch | 7 | | | | | 4 | | 0 |
| Don Mahon[1] | 7 | 4 | | 9 | | | | 160 |
| Marion Meany | 6 | | | 6 | | | | 0 |
| Johnny Murphy | 7 | | | | 5 | | | 0 |
| Antoinette Nic Gearailt | 7 | | | 8 | | | | 45 |
| Finian O'Shea | 7 | | | | 4 | | | 79 |
| Tom O'Sullivan | 7 | | 2 | | | 4 | | 1,739 |
| Anne Tansey | 7 | | | | 4 | | | 0 |
| John Fitzgerald[2] | *N/B* | 4 | | | | | 1,094 | 0 |
| **Iomlán** | 7 | 4 | 2 | 9 | 5 | 4 | 1,094 | 13,550 |

Ní íoctar táillí do bhaill na Comhairle maidir lena ról mar bhaill Chomhairle an NCSE. Íocadh táille le John Fitzgerald nachbhfuil ina bhall den gComhairle, as a ról mar Chathaoirleach seachtrach ag a bhfuil an taithí ábhartha, ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

### Príomhathruithe Pearsanra

Ní dhearnadh aon athruithe ar an gComhairle le linn 2017.

### Nochtuithe riachtanacha ag Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú gur chomhall an NCSE riachtanais Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód") de réir mar atá sé foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Tá na nochtuithe thall riachtanach de réir an Chóid.

[1] Íocadh €6,983 sa mbreis le Don Mahon in 2017 maidir le hobair a rinne sé d'Athbhreithniú Cuimsitheach an NCSE ar an Scéim Cúntóirí Riachtanas Speisialta, rud a rinne sé lasmuigh dá chuid dualgas ar an gComhairle. Is é a bhí i gceist san iomlán ná táillí €4,469 agus speansais €2,514 . Ós rud é nach speansais de chuid na Comhairle iad seo ní ghlactar san áireamh iad i speansais na Comhairle ar lch. 10, mar is le gnó na Comhairle amháin a bhaineann sé seo.

[2] Ní bhall den gComhairle é John Fitzgerald. Ceapadh é mar Chathaoirleach seachtrach ar an gCoiste Iniúchóireachta & Riosca de bharr go bhfuil an taithí ábhartha aige.

***Miondealú ar Shochair Ghearrthéarma Fostaithe***

Déantar sochair ghearrthéarma fostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| **Réimse na sochair fostaithe iomlána** | | **Líon fostaithe** | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2017** | **2016** |
| €60,000 - | €69,999 | 63[3] | 45 |
| €70,000 - | €79,999 | 2 | 3 |
| €80,000 - | €89,999 | 1 | 1 |
| €90,000 - | €99,999 | 3 | 3 |
| €100,000 - | €109,999 | 1 | |
| €110,000 - | €119,999 | | |
| €120,000 - | €129,999 | | |
| €130,000- | €139,999 | 1 | 1 |
| €140,000+ | | 0 | 0 |

Is Ard-Rúnaí Cúnta de chuid na státseirbhíse atá sa Phríomhfheidhmeannach (POF). Ba é €138,432 luach saothair an POF sa tréimhse airgeadais (2016: €134,598).

Ba é €521,984 iomlán an luach saothair a fuair an príomhphearsanra bainistíochta in 2017 (2016: €509,070). Is iad an POF agus ceathrar Príomhoifigeach a thuairiscíonn go díreach don bPOF an príomhphearsanra bainistíochta.

***Costais Chomhairleoireachta***

Ar chostais chomhairleoireachta áirítear costas ar chomhairle ón taobh amuigh ar an mbainistíocht agus ní ghlactar feidhmeanna 'gnó mar is gnách' seachfhoinsithe san áireamh.

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Comhairle ghinearálta airgeadais / achtúireach | 2,417 | 3,014 |
| Comhairle ghinearálta dlí | 246 | 2,721 |
| Comhairleoireacht TF | 4,059 | 0 |
| Comhairleoireacht Taighde | 72,242 | 72, 116 |
| Comhairle maidir le Cumarsáid | 11 ,808 | 11,906 |
| Eile | 16,037 | 84,737 |
| **Iomlán na gCostas Comhairleoireachta** | **106,809** | **174,494** |

***Costais Dlí agus Glanadh***

Sa tábla thíos tugtar miondealú na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le himeachtaí dlí. Ní áirítear air seo caiteachas a tabhaíodhmaidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair an NCSE agus a nochtar faoi Chostais Chomhairleoireachta thuas.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Costais Dlí** | **17,744** | **1,230** |

[3] Tháinig méadú ar an líon foirne go mór mór de bharr go raibh líon suntasach foirne i dteideal breisíochtaí, rud a d'ardaigh a gcuid tuarastal thar €60,000.

***Caiteachais taistil agus cothabhála***

Tá na catagóirí seo a leanas ar chaiteachas taistil agus cothabhála:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Baile:** | | |
| Comhairle[4] | 13,550 | 9,383 |
| Fostaithe[5] | 992,127 | 204,578 |
| **Idirnáisiúnta:** | | |
| Comhairle | Nialas | Nialas |
| Fostaithe | 1,460 | 1,281 |
| **Iomlán** | 1,007,137 | 215,242 |

Taifeadtar taisteal agus cothabháil maidir le rannpháirtithe a fhreastalaíonn ar thionscnaimh forbartha go leithleach i Nóta 4. Tábla Caiteachais.

***Caiteachas Fáilteachais:***

Ní raibh aon caiteachas fáilteachais le nochtadh.

**Ráiteas Géilliúlachta**

Ghlac an Chomhairle leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit (2016) agus bhunaigh cleachtais chun géilliúlacht don Chód a chinntiú. Chloígh an NCSE le riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit, mar a foilsíodh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mí Lúnasa 2016, bhí eisceacht amháin faoi dheireadh 2017 – níor síníodh an Comhaontú Seachadadh Feidhmíochta ná an Comhaontú Maoirseachta leis an ROS ach síníodh ina dhiaidh sin iad mí Eanáir 2018. Lorgaíodh agus ceadaíodh maolú sa chás.

Síniú

| | |
|---|---|
| Eamon Stack | Teresa Griffin |
| Cathaoirleach | Príomhfheidhmeannach |
| Dáta 11/12/2018 | Dáta: 11/12/2018 |

[4] Ní bhaineann caiteachas Comhairle ach le speansais a bhaineann le gnó na Comhairle.

[5] De réir nóta 2, ghlac an NCSE le freagracht as 3 sheirbhís in 2017. Léiríonn an méadú ar thaisteal agus cothabháil an méadú ar chostais taisteal agus cothabhála a ghabhann le fairsingiú agus le cuimsiú seirbhísí nua.

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

---

### An Réimse Freagrachta

Ar son Comhairle an NCSE, aithním freagracht na Comhairle i leith córas éifeachtach um rialú inmheánach a choimeád is a oibriú. Clúdaíonn an fhreagracht úd na riachtanais atá sa Chód Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit (2016).

### Féidhm an Chóras um Rialú Inmheánach

Leagadh amach an córas um rialú inmheánach chun riosca a bhainistiú ag leibhéal measartha seachas fáil réidh leis. Níl an córas in ann ach deimhniú réasúnta agus ní daingean a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go gceadaítear is do dtaifeadtar gnóthais mar is cóir agus go gcoisctear nó go dtagtar ar earráidí ábhartha nó neamhrialta in am tráth.

Tá an córas um rialú inmheánach, a thagann le treoir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, á fheidhmiú san NCSE don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 agus chomh fada le dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais ach amháin mar a mhínítear anseo thíos san alt a phléann ceisteanna um rialú inmheánach.

### Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchadh agus Riosca (ARC) ag an NCSE ar a bhfuil ceithre bhall Comhairle agus Cathaoirleach seachtrach ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta. Bhí ceithre chruinniú ag an ARC i 2017 .

Anuas air sin bhunaigh an Chomhairle NCSE feidhm iniúchadh inmheánach ag a bhfuil leordhóthain acmhainní agus a stiúraíonn clár oibre a aontaíodh leis an ARC agus é ceadaithe ag an gComhairle NCSE.

D’fhorbair an ARC polasaí um bhainistiú riosca, é ceadaithe ag an gComhairle NCSE, a leagann amach goile an NCSE chun riosca, na próisis um bhainistiú riosca atá i bhfeidhm maraon le ról agus freagracht foirne maidir le riosca. Dáileadh an polasaí ar an bhfoireann iomlán a oibríonn laistigh de pholasaithe an NCSE maidir le riosca, chun fainic a chur ar an mbainistíocht maidir le riosca a thagann chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as riosca agus rialú ina réimse saothair féin.

### Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistiú riosca i bhfeidhm ag an NCSE a aithníonn agus a thuairiscíonn rioscaí lárnacha chomh maith leis na gnímh bhainistíochta a phléann agus a mhaolaíonn, chomh fada agus is féidir, na rioscaí céanna.

Tá clár riosca againn a aithníonn na rioscaí lárnacha roimh an NCSE agus táid siúd aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an ARC athbhreithniú agus uasdátú bliantúil orthusan. Baintear leas as na torthaí chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh ionas gur féidir rioscaí a smachtú ag leibhéal sásúil.

Sa chlár riosca léirítear an smacht agus na gnímh atá riachtanach chun baol rioscaí a mhaolú maraon le freagracht baill áirithe foirne as rialú a chur i bhfeidhm. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas:

**Creat Riosca agus Rialaithe** ***(ar lean.)***

- tá doiciméadú déanta ar na próisis mhóra gnó, dáileadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta agus freagracht dá réir;
- córas cuí buiséid trína mbeidh buiséad bliantúil ann agus é sin á athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach;
- córais a dhíríonn ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht eolais agus cumarsáide;
- córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint; agus
- cleachtais don mhaoiniú deontais d'áisínteachtaí seachtracha chun dóthain smacht ar dheontais a chinntiú maraon le monatóireacht agus athbhreithniú ar lucht faighte na ndeontas lena chinntiú gur baineadh leas as an ndeontas don chúis a bhí luaite.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Bunaíodh cleachtais fhoirmiúla don mhonatóireacht ar próisis rialaithe agus cuirtear easpaí sa rialú in iúl dóibh siúd atá freagrach as cúrsaí a cheartú, don bhainistíocht agus don Chomhairle go tráthúil nuair is cuí.

Deimhním go bhfuil na córais leanúnach monatóireachta seo i bhfeidhm:

- aithníodh rioscaí móra maraon le rialú dá réir is bunaíodh próisis mhonatóireachta ar na rialuithe lárnacha chun aon easpa aitheanta a thuairisciú;
- bunaíodh socruithe don tuairisciú ag gach leibhéal mar a ndáileadh freagracht as bainistiú airgeadais; agus
- déanann bainisteoirí sinsir athbhreithniú ar thuairiscí ócáideacha is bliantúla feidhmíochta agus airgeadais de réir buiséad/tuartha

**Cúrsaí Fála**

Deimhním go bhfuil cleachtais i bhfeidhm ag an NCSE chun géilliúlacht do rialacha agus treoracha reatha um chúrsaí fála a chinntiú. Faoi na ceisteanna um rialú inmheánach a mhínítear anseo thíos leagtar béim ar cheisteanna a éiríonn as smacht ar chúrsaí fála.

**Athbhreithniú ar Éifeacht**

Deimhním go bhfuil cleachtais ag an NCSE don mhonatóireacht ar nósanna bainistiú riosca agus rialaithe. Seoltar eolas trí shaothar na n-iniúchóirí idir inmheánach agus seachtrach, an Coiste Iniúchadh agus Riosca a mhaoirsíonn a saothar agus an bhainistíocht shinsir san NCSE a bhíonn freagrach as an gcreat inmheánach um airgeadas inmheánach, é sin go léir mar bhonn faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an NCSE ar an gcóras rialú airgeadais inmheánach.

Dearbhaím gur stiúraigh an Chomhairle NCSE athbhreithniú bliantúil ar éifeacht na rialaithe inmheánach i dtaobh 2017.

## An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

### Ráiteas ar Rialú Inmheánach

---

**Ceisteanna um Rialú Inmheánach**

Le linn 2017, caitheadh €557,619 ar earraí is seirbhísí faoi sheacht gconradh mar nár géilleadh do na treoracha fála. Leanúint de chonarthaí a bhí cheana féin ann ba chúis leis sin. Bhí trí cinn díobh faoi sheirbhísí NCSE ar luach €107,918. Bhí na ceithre cinn eile, ar luach €449,701, faoi sheirbhísí an NBSS mar a bhí agus a tháinig isteach leis an NCSE le linn 2017.

Bhunaigh an NCSE roinnt comórtas nua tairisceana i 2018 chun cúig cinn de na conarthaí úd a cheartú. Ina theannta san, tá an NCSE ag obair chun ceisteanna neamhghéilliúlachta a réiteach trí rialú fála a fheabhsú mar a leanas:

- Ár bplean fála a uasdátú.
- An clár conarthaí a lárnú agus maoirsiú a dhéanamh ar gach comhad fála agus géilliúlacht mhonatóireachta.
- Oiliúint foirne a eagrú dóibh siúd a phléann le gníomhaíochtaí fála.

Síniú

____________________

Eamonn Stack
Cathaoirleach
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Dáta 11/12/2018

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinneála don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Stáit | 2 | 11,014,517 | 8,022,747 |
| Aistriú (chuig)/ón gcuntas caipitil | 11 | (87,805) | 24,837 |
| Ioncam eile | 3 | 10,519 | 17,968 |
| Ioncam Iomlán | | 10,937,231 | 8,065,552 |
| **Caiteachas** | 4 | ( 11.081,261 ) | (8,166,905) |
| Ioncam eisceachtúil maidir le haistriú na Seirbhíse Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (NBSS) agus na Seirbhíse Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (SESS) | 2 | 105,201 | ------ - |
| **Easnamh don bhliain** | 14 | (38,829) | (101,353) |
| Cúlchistí ioncaim arna gcoinneáil ag tús na bliana | | (86,030) | 15,323 |
| **Cúlchistí ioncaim arna gcoinneáil ag deireadh na bliana** | | (124,859) | (86,030) |

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad nótaí 1 go 18.

**Síniú:**

**Eamon Stack**
**Cathaoirleach**

**Dáta:** 11/12/2018

**Teresa Griffin**
**Príomhfheidhmeannach**

**Dáta:** 11/12/2018

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|---|
| Easnamh don bhliain | | (38,829) | (101,353) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar dhliteanais phinsin | 7 | (4,500) | |
| Coigeartú chuig sócmhainn maoinithe phinsin iarchurtha | 7 | 4,500 | -- |
| Easnamh cuimsitheach iomlán don bhliain | | (38,829) | (101,353) |

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad nótaí 1 go 18.

**Síniú:**

**Eamon Stack**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 11/12/2018**

**Teresa Griffin**
**Príomhfheidhmeannach**

**Dáta: 11/12/2018**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 8 | 492.136 | 371,856 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Feichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | 9 | 152,738 | 304,349 |
| Airgead tirim agus a choibhéis | | 708.492 | 265.163 |
| **IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ REATHA** | | 861,230 | 569,512 |
| **CREIDIÚNAITHE** | | | |
| Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 10 | (986,089) | (655,542) |
| **GLAN-DLITEANAIS REATHA** | | (124,859) | (86,030) |
| **IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA** | | 367,277 | 285,826 |
| **SOCHAIR SCOIR** | | | |
| Oibleagáidí sochar scoir | 7 | (4,500) | |
| Sócmhainn maoinithe sochar scoir iarchurtha | 7 | 4,500 | ------ - |
| **GLAN-SHÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | 367,277 | 285,826 |
| **ARNA AIRGEADÚ** | | | |
| Cúlchistí ioncaim coinneála | | (124,859) | (86,030) |
| Cuntas caipitil | 11 | 492.136 | 371,856 |
| | | 367,277 | 285,826 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad nótaí 1 go 18.

**Síniú:**

**Eamonn Stack**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 11/12/218**

**Teresa Griffin**
**Príomhfheidhmeannach**

**Dáta: 11/12/218**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas Sreafaí Airgid
## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Réiteach an easnamh oibriúcháin le hinsreabhadh airgid ghlan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Easnamh oibriúcháin don bhliain | | (38,829) | (101,353) |
| Dímheas | 8 | 119,848 | 92,921 |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | 8 | 163 | 380 |
| Aistriú chuig/(ón) gcuntas caipitil | 11 | 87,805 | (24,837) |
| Laghdú ar fheichiúnaithe | 9 | 151,611 | 113,999 |
| Méadú ar fheichiúnaithe | 10 | 330,547 | 249,264 |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 651,145 | 330,374 |
| **Sreabhadh airgid as gníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a shealbhú | 8 | (207,816) | (68,464) |
| **Méadú ar airgead tirim agus a choibhéis** | | 443,329 | 261,910 |
| Airgead tirim agus a choibhéis amhail an 1 Eanáir | | 265,163 | 3,253 |
| Airgead tirim agus a choibhéis amhail an 31 Nollaig | | 708,492 | 265,163 |
| **Méadú ar airgead tirim agus a choibhéis** | | 443,329 | 261,910 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad nótaí 1 go 8.

**Síniú:**

**Eamonn Stack**
**Cathaoirleach**

**Teresa Griffin**
**Príomhfheidhmeannach**

**Dáta:** **11/12/2018**

**Dáta:** **11/12/2018**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais iad na nótaí seo agus ba chóir iad a léamh in éineacht leo.

**1. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA**

Leagtar amach na beartais shuntasacha cuntasaíochta a bhí i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú anseo thíos. Cuireadh na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach ar gach bliain a léirítear ach amháin má tá a mhalairt curtha in iúl.

**1.1 Bunús an Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 “An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhaineann leis an RA agus Poblacht na hÉireann“ (“FRS102“). Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe cuntasaíochta ach amháin ioncam a shonraítear ag Nóta 4 thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Ullmhaíodh na ráitis ar bhonn gnóthais leantaigh. Glacann sé leis go mbeidh ar chumas an NCSE an aisíocaíocht éigeantach a dhéanamh go ceann i bhfad.

**l.2 Airgeadra ina dtuairiscítear**

Is in Euro (“€”) a léirítear ráitis airgeadais na Comhairle agus sin é airgeadra feidhmeach na Comhairle. Déantar idirbhearta a bhíonn ainmnithe in airgeadraí coigríche a thaifeadadh ag an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí coigríche a aistriú go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Pléitear leis na difríochtaí iarmhartacha malartaithe i gcinneadh ioncaim agus caiteachais don bhliain airgeadais.

**l.3 Tréimhse Chuntasaíochta**

Clúdaíonn na Ráitis Airgeadais an bhliain ó 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017.

**1.4 Ioncam**

Bunaítear an t-ioncam ar fháltais airgid tirim agus is ionann an t-ioncam agus an tsuim a íochtar go díreach leis an NCSE ón Roinn Oideachais agus Scileanna don bhliain mar dheontas i gcomhréir le hAlt 43 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu, 2004.

Maidir le hioncam atá á ullmhú ar bhonn airgid tirim, is é seo cleachtas an NCSE le tamall maith anuas. Ós rud é go n-ullmhaíonn an ROS na cuntais ar bhonn airgid tirim agus go dtuairiscítear iad sna cuntais leithreasaithe míníonn an NCSE cuntais maidir le hioncam ón ROS ar an mbonn céanna d’fhonn comhsheasmhacht tuairiscithe a chinntiú.

**1. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA *(ar lean.)***

**1.5 Sócmhainní seasta inláimhsithe**

Sloinntear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas de réir mhéid chothroim ag rátaí a mheastar chun costas na sócmhainní a dhíscríobh thar a saolré mheasta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Troscán & Feistis | 10 mbliana |
| Trealamh Oifige | 5 bliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | 5 bliana |
| Athchóiriú léasachta | 19 mbliana |
| BogearraíRíomhaireachta/suíomh gréasáin | 3 bliana |

Déantar athbhreithniú ar luach iompartha na sócmhainní seasta inláimhsithe ó thaobh lagú de má cheaptar nach féidir iad a aisghabháil de dheasca eachtraí nó athrú dálaí. Ag deireadh gach bliain airgeadais déantar athbhreithniú ar shaol úsáideach luach fuílligh agus modhanna titime, agus socraítear iad mar is cuí.

Leagtar amach beartas an NCSE maidir le soláthar agus diúscairt sócmhainní seasta an NCSE ina Beartas Airgeadais agus ina Lámhleabhar Nósanna Imeachta atá ar aon dul le ciorcláin na Roinne Airgeadais, leis na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

**1.6 Cuntas caipitil**

Is ionann an Cuntas Caipitil agus luach neamh-amúchta an ioncaim as a mbaintear leas chun sócmhainní seasta a airgeadú.

**1.7 Sochair d’fhostaithe**

Soláthraíonn an Chomhairle réimse leasa do na fostaithe, san áireamh tá socruithe pá le linn saoire.

*Sochair ghearrthréimhse*

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, pá saoire san áireamh, mar chostas le linn na tréimhse ina nglactar leo.

*Costas sochar scoir*

Foráiltear in alt 25 (5) d’Acht EPSEN gur státseirbhísigh atá i bhfoireann na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Is scéimeanna sochair shainithe atá i Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse agus atá neamhchistithe agus arna riaradh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ní ghearrtar aon mhuirear sna ráitis airgeadais d'aon dliteanas a d'fhéadfadh teacht aníos maidir leis na baill foirne seo. Beidh teideal sochair foirne mar fheidhm a seirbhíse sa Chomhairle ag baill fhoirne, agus mar fheidhm aon seirbhíse roimhe sin sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí, nuair is cuí. Ní mhaoinítear an Chomhairle maidir lena leithéid de theidil sochair. Dá réir sin meastar nach bhfuil feidhm leis na Riachtanais atá i FRS 102 maidir le pleananna sochair shainithe, agus nach bhfuil gá lena thuilleadh nochta.

**1. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA *(ar lean.)***

### 1.7 Sochair d'fhostaithe *(ar lean.)*

*Costas sochar scoir (ar lean.)*

Is baill de Scéim Phinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí iad baill foirne nua a fhostaíonn an Chomhairle tar éis 1 Eanáir 2013, de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012. Déanann an Chomhairle na hasbhaintí riachtanacha as tuarastail foirne atá rannpháirteach sa scéim. Tá tuilleadh sonraí i nóta 7.

### 1.8 Breithiúnais agus meastacháin a úsáid

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, rinne an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a théann i gcion ar bheartais chuntasaíochta an an eintitéis agus an méid sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachas a tuairiscíodh. Ní gá go mbeidh na fíorthorthaí ar aon dul leis na meastacháin. Déantar athbhreithniú go rialta ar na meastacháin agus na toimhdí bunúsacha. Aithnítear leasuithe ar mheastacháin go hionchasach.

**2. IONCAM**

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna na cistí seo a leanas ar fáil don Chomhairle: | | |
| Deontas don gComhairle (Vóta 26 – Focheannlíne: A11.5 Pá & Neamhphá) | 11,014,517 | 8,022,747 |

Den méid seo fuarthas €8,508,392 i leith gníomhaíochtaí atá inchurtha leo siúd in 2016 agus bhí €0.25 san áireamh maidir le Seirbhís na Múinteoirí Cuairte a bhí á riaradh go díreach ag an NCSE. Lena chois sin fuair an NCSE ioncam ón 20 Márta 2017 i leith gníomhaíochtaí mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Seirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta | 864,479 | - |
| Seirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta | 1,641, 646 | - |

Ón 20 Márta 2017, d'aistrigh bainistíocht an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta, (SESS), an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (NBSS) agus an tSeirbhís Múinteoir Cuairte do Leanaí atá Bodhar/ar a bhfuil bac Éisteachta is do Leanaí atá dall/ar a bhfuil bac Radhairc go dtí An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Ceanglaíodh iad leis na seirbhísí atá ar fáil cheana féin ó na SENO agus foireann riaracháin de chuid an NCSE chun Seirbhís nua Tacaíochta NCSE a bhunú. Ba í An Roinn Oideachais agus Scileanna a sholáthraíodh na seirbhísí úd cheana agus is í an Roinn fós a íocann an tuarastal foirne. Díríonn an tseirbhís nua ar chur le cumas scoileanna glacadh le scoláirí ag a mbíonn riachtanais speisialta oideachais agus ar chóras leanúnach oideachais ar bhonn cuimsitheach agus sofhreagrach.

## 2. IONCAM *(ar lean.)*

Ón 20 Márta 2017, tá an NCSE freagrach as:

- forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) agus tacaíocht do mhúinteoirí sa réimse riachtanais oideachais speisialta (SEN) a sholáthar chun cur le cáilíocht foghlaim agus múinteoireachta i gcás soláthar SEN (a bhíodh á soláthar tríd an SESS, féach thíos).
- tacaíocht agus saineolas a sholáthar do scoileanna páirtíochta maidir le ceisteanna iompair (a bhíodh á soláthar tríd an NBSS, féach thíos).
- tacaíocht domhanfhaid a sholáthar do leanaí ag a mbíonn céimeanna difriúla bac éisteachta agus/nó bac radhairc, a muintir agus do na scoileanna ón gcéad seoladh ar aghaidh go dtí críoch an oideachais iarbhunscoile (a bhíodh á soláthar trí na Seirbhísí Múinteoirí Cuairte).
- tacaíocht do thús a chur leis an samhail nua um mhúinteoireacht acmhainne a dháileadh ar scoileanna agus cumas a fhorbairt chun freagairt do riachtanais na scoláirí ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta.

Ba é ról an NBSS mar a bhí ná cabhrú le scoileanna páirtíochta i bplé le ceisteanna reatha iompar ar thrí leibhéal, ar fud na scoile do chách, eadráin sprioctha do scoláirí áirithe agus dianeadráin don líon bheag scoláirí a mbíonn sí uathu. Sna scoileanna páirtíochta NBS úsáideadh an cur chuige trí-shraithe do na headrána iompair maraon le bealaí a phléigh le riachtanais na scoláirí idir shóisialta, mothúcháin, litearthacht acadúil agus riachtanais fhoghlama. Anuas ar an méid sin rinne an NBSS taighde a chur le chéile is a scaipeadh mar bhonn eolais faoi chur chuige iomlán scoile maidir le hiompar. Modh dearfach a bheadh ann is é ag freagairt do riachtanais na scoile i dtreo torthaí fadtéarmach inmharthana.

Ba é ról an SESS mar a bhí ná cur le caighdeáin foghlaim agus teagaisc maidir le soláthar oideachais speisialta. Comhordaíodh, forbraíodh agus soláthraíodh réimse tionscadail agus struchtúir tacaíochta do phearsanra scoile a bhain le oideachais speisialta sna bunscoileanna agus iarbhunscoileanna príomhshrutha, scoileanna speisialta agus ranganna speisialta. Bhí sé mar aidhm ag an tseirbhís cur le foghlaim agus teagasc, go háirithe sa tsoláthar oideachais speisialta. Maidir leis sin, dhíríodh an SESS ar sheirbhís ardchaighdeáin a chuimsigh cách, a chuir le comhpháirtíocht is comhoibriú agus a lig don rochtain chothrom.

Toisc go bhfuil an NCSE anois freagrach as an SESS agus NBSS ó 20 Márta 2017, áiríodh ioncam an SESS agus NBSS ar bhonn pro rata chun glacadh leis an ioncam don tréimhse 20 Márta go 31 Nollaig 2017.

## 3. IONCAM EILE

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Aisíocaíocht PRD (asbhaint a bhaineann le pinsean) | - | 12,669 |
| Ioncam cíosa | 5,269 | 5,269 |
| Saoráil Faisnéise | - | 30 |
| Táille leabharlainne ar líne | 5,250 | - |
| | 10,519 | 17,968 |

| 4. CAITEACHAS | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Clóbhualadh, postas agus stáiseanóireacht | 334,868 | 169,400 |
| Cíos agus Rátaí | 374,388 | 383,648 |
| Guthán | 208,311 | 201,689 |
| Solas agus Teas | 58,275 | 54,571 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | 121,333 | 114,409 |
| Oiliúint agus forbairt | 134,387 | 68,675 |
| Rannpháirtithe oiliúna (FGL)[6] | 567,347 | - |
| Caiteachais taistil agus cothabhála[7] | 1,007,137 | 215,242 |
| Taisteal agus cothabháil rannpháirtithe [8] | 297,626 | - |
| Caiteachas ar chruinnithe[9] | 47,929 | 16,948 |
| Caiteachas Ginearálta | 6,146 | 4 ,890 |
| Táillí earcaíochta | 7,989 | |
| Caiteachas taighde | 29,849 | 61,316 |
| Caiteachas TF | 347,597 | 185,964 |
| Costais Chomhairleoireachta[10] | 106,809 | 174,494 |
| Seirbhísí Seachfhoinsithe[11] | 347,903 | - |
| Seirbhísí Gairmiúla& Eadráin [12] | 398,390 | - |
| Táille Iniúchta Inmheánaigh | 38,218 | 13,022 |
| Táille Iniúchta Sheachtraigh | 18,839 | 10,000 |
| Táillí Cuntasaíochta | 3,034 | 6,349 |
| Táillí Dlí | 17,744 | 1,230 |
| Pá & tuarastail (Nóta 5) | 5,978,688 | 5,907,773 |
| ÁSPC Fostóra | 508,443 | 483,984 |
| Caillteanas ar shócmhainní a dhiúscairt | 163 | 380 |
| Dímheas | 119,848 | 92,921 |
| Caiteachas Iomlán | 11,081,261 | 8,166,905 |

## 5. PÁ AGUS TUARASTAIL

Tá beartas an Rialtais i ndáil le pá an phríomhfheidhmeannaigh agus gach fostaí de chuid comhlachtaí stáit á chur i bhfeidhm. Ba é 101 líon na mball foirne a bhí fostaithe ag an NCSE faoi dheireadh na bliana 2017 (2016: 99). Foireann Seirbhísí Áitiúla ab ea 79 díobh (2016: 79) agus 22 ball foirne sa Cheannoifig (2016: 20).

B'ionann an caiteachas ar thuarastail na foirne Seirbhísí Áitiúla agus €4,618,824 (2016: €4,656,575) agus b'ionann tuarastail foireann na Ceannoifige agus €1,359,864 (2016: €1,251,198). Is ionann sin agus €5,978,688 (2016: €5,907,773), san iomlán.

---

[6] Léiríonn sé seo costas oiliúna a bhaineann le FGL a sholáthar do rannpháirtithe cosúil le costais ionaid, costais léachtóra agus táillí cúrsa.

[7] Tháinig méadú ar speansais taistil agus cothabhála in 2017 mar thoradh ar fhoireann bhreise agus a lán costas taistil, bunaithe ar an obair atá i gceist a bheith go maith peiripitéatach. Caitheadh €1,460 ar thaisteal agus cothabháil thar lear sa bhliain. (2016: €1,281 ). Taisteal agus cothabháil baile ab ea gach taisteal agus cothabháil eile.

[8] Léiríonn sé seo costais taistil agus cothabhála a thabhaigh rannpháirtithe a d'fhreastail ar chúrsaíFGL .

[9] Níor thabhaigh an NCSE aon chaiteachas siamsaíochta sa bhliain. (2016: nialas).

[10] Tabhaíodh táillí comhairleoireachta maidir le seirbhísí cumarsáide, taighde TF, comhairle dlí, comhairle airgeadais agus achtúireach.

[11] Léiríonn sé seo costais riaracháin a bhaineann le soláthar seirbhísí ar sheirbhísí NBSS agus SESS iad roimhe seo.

[12] Léiríonn sé seo an costas a bhí ar sheirbhísí ar nós teiripe shaothair , teiripe urlabhra agus teanga, eadráin litearthachta agus uimhearthachta, eadráin um fheabhsú iompair agus measúnachtaí gairmiúla.

**5. PÁ AGUS TUARASTAIL** ***(ar lean.)***

Asbhaineadh ranníocaíochtaí aoisliúntais arbh fhiú €256,972 iad ó thuarastail na mbaill foirne i gcaitheamh na bliana (2016: €254,098). Comhairlíodh don NCSE i gcaitheamh na bliana go raibh ró-íocaíocht aoisliúntais déanta i mblianta roimhe seo agus bhí aisíocaíocht €72,220 dlite maidir le baill foirne a bhí ar scor ó sheirbhís san NCSE. Sheol an NCSE €20,644 ar ais chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcaitheamh na bliana (2016: €145,978).

Rinneadh asbhaintí €313,866 maidir le pinsean ó thuarastail foirne i gcaitheamh na bliana (2016: €321,130). Sheol an NCSE €313,866 ar ais chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcaitheamh na bliana (2016: €308,641).

| Réimse na sochair fostaithe iomlána | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2017** | **2016** |
| €60,000 - | €69,999 | 63 | 45 |
| €70,000 - | €79,999 | 2 | 3 |
| €80,000 - | €89,999 | 1 | 1 |
| €90,000 - | €99,999 | 3 | 3 |
| €1 00,000 - | €109,999 | 1 | - |
| €110,000- | €119,999 | - | - |
| €120,000 - | €129,999 | - | - |
| €130,000 - | €139,999 | 1 | 1 |
| €140,000+ | | - | - |

**6. COSTAIS, TÁILLÍ STIÚRTHÓIRÍ AGUS LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**

Ní íoctar táillí do bhaill na Comhairle maidir lena ról mar bhaill Chomhairle an NCSE. Tá baill na comhairle i dteideal airgead atá caite acu ar thaisteal agus cothabháil a éileamh. Éilíodh €13,550 san iomlán in 2017 (2016: €8,521).

Is Ard-Rúnaí Cúnta de chuid na státseirbhíse atá sa Phríomhfheidhmeannach (POF). Ba é €138,432 luach saothair an POF sa tréimhse airgeadais (2016: 134,598). Is ball den scéim aoisliúntais do Státseirbhísigh Bhunaithe é an POF agus ní shíneann na teidlíochtaí pinsin thar teidlíochtaí caighdeánacha na scéime – féach leis, Nóta 1.7. Sochair d'fhostaithe.

Ba é iomlán an luach saothair a fuair príomhphearsanra bainistíochta in 2017 ná €521,984, (2016: €509,070). Is iad an POF agus ceathrar Príomhoifigeach a thuairiscíonn go díreach don bPOF an príomhphearsanra bainistíochta.

**7. COSTAIS SOCHAIR SCOIR**

Tá scéim sochair shainithe ag foireann an NCSE. Is scéimeanna sochair shainithe atá i Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse agus atá neamhchistithe agus á riaradh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Maoinítear na sochair ar an mbonn "íoc mar a thuillir", ní choimeádtar aon sócmhainní maidir le dliteanas carntha pinsin na foirne NCSE, ná ní bhíonn aon mhuirear ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais.

**7. COSTAIS SOCHAIR SCOIR *(ar lean.)***

Oibríonn an NCSE freisin an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an "Plean") do bhall amháin foirne a tháinig isteach san earnáil phoiblí mar bhall nua foirne ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Scéim sochair shainithe pinsin is ea é is í curtha san áireamh ag an NCSE agus a ndualgais um shochar sainithe scoir á meas de réir FRS 102. Íoctar gach síntiús um shochar fostaí ar scor isteach i gcuntas sochair scoir de chuid an Stáit. Oibrítear an scéim ar bhonn íoc-mar-a-thuillir as maoiniú lárnach an NCSE. Gearrtar na dliteanais pinsin a eascraíonn as an scéim úd ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais i mbliain a dtuillte. Ní bhíodh aon dualgas tuairisce faoin scéim seo ag an NCSE roimh 2017.

Is ar luacháil achtúireach iomlán ó achtúire neamhspleách cáilithe a bunaíodh an mhodheolaíocht mheastóireachta. Cuireadh san áireamh riachtanais FRS 102 chun dliteanais na scéime ar 31 Nollaig 2017 a mheas.

Ba iad seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun na dliteanais faoin scéim a ríomh:

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 2.04% | |
| Boilsciú praghsanna | 1.98% | |
| Méaduithe ar thuarastal | 2.98% | |
| Méaduithe ar Phinsean Stáit | 1.98% | |
| Méaduithe ar Phinsean Stáit measta | 2.48% | |

**Ionchas saol**

Déantar foráil sa bhonn básmhaireachta d'fheabhsuithe ar ionchas saoil i gcaitheamh ama ar shlí go mbraithfidh an t-ionchas saol ag am scoir ar an mbliain ina slánaíonn an ball aois scoir. Sa tábla thíos taispeántar an t-ionchas saoil ball a shlánaíonn aois 65 in 2017 agus in 2037.

| **Bliain ina slánófar aois 65** | 2017<br>€ | 2037<br>€ |
|---|---|---|
| Ionchas saoil- fear (i mblianta) | 21.2 | 23.7 |
| Ionchas saoil- bean (i mblianta) | 23.7 | 25.8 |

**(a) Anailís ar an méid a ghearrtar chuig brabús oibríochta**

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Costais seirbhíse reatha | - | - |
| Ús ar dhliteanais sochair shainithe | - | - |
| Costais sochair foirceanta | - | - |
| | - | - |

**7. COSTAIS SOCHAIR SCOIR** ***(ar lean.)***

**(b) Sócmhainn maoinithe sochar scoir iarchurtha**

Aithníonn an NCSE an méid seo mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas neamhchistithe iarchurtha do phinsin ar bhonn na sraithe toimhdí a ndéantar cur-síos orthu thuas maraon le roinnt teagmhas roimhe seo. Ar na teagmhais seo áirítear an bonn reachtúil do bhunú an Phlean maraon leis an mbeartas agus an gcleachtas atá ar bun faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú, síntiúis fostaithe agus próiseas bliantúil na meastachán san áireamh.

Níl fianaise ag an NCSE nach leanfar den mbeartas maoinithe seo chun na suimeanna seo a íoc de réir an gcleachtais reatha.

| **(c) Gluaiseacht in oibleagáidí sochair shainithe** | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Oibleagáid sochair scoir ghlan - 1 Eanáir 2017 | | |
| Costas Seirbhíse Iomlán Fostaí | | |
| Ús glan ar Dhliteanas Sainithe Glan | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach le linn na bliana | (4,500) | |
| Pinsin arna n-íoc sa bhliain | - | - |
| Oibleagáid sochair scoir ghlan - amhail 31 Nollaig 2017 | (4,500). | - |

| **(d) Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach** | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach le linn na bliana | (4,500) | |
| Gnóthachan/(caillteanas) eispéiris sa bhliain | - | -- - |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach iomlán don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 | (4,500) | - |

**8. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE**

| Iomlán | Athchóiriú Léasachta € | Trealamh oifige € | Troscán € | Trealamh Ríomhair. € | Bogear./suíomh gr. € | Costas € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Amhail an 31 Nollaig 2013 | 610,351 | 65,553 | 284,505 | 567,352 | 421,624 | 1,949,385 |
| Breiseanna ó NBSS/ SESS ar an 20 Márta 2017 | | 13,951 | 278,243 | | 24,502 | 316,696 |
| Breiseanna | | 68,293 | 7 795 | 1 31, 728 | | 207,816 |
| Diúscairtí | -- - | -- - | (5,824) | (15,946) | -- - | (21,770) |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | 610,351 | 147,797 | 564,719 | 683,134 | 446,126 | 2,452,127 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2016 | 385,485 | 62,906 | 250,073 | 484,240 | 394,825 | 1,577,529 |
| Breiseanna ó NBSS/ SESS 20 Márta 2017 | | 2,354 | 271,955 | | 9,912 | 284,221 |
| Muirear don bhliain | 32,124 | 12,926 | 13,362 | 44,980 | 16 456 | 119 848 |
| Diúscairtí | | | (5.824) | (15,783) | | (21,607) |
| Ar an 31 Nollaig 2017 | 417,609 | 78,186 | 529,566 | 513,437 | 513,437 | 1,959,991 |
| **Glanluach na Leabhar** | | | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2016 | 224,866 | 2,647 | 34,432 | 83,112 | 26,799 | 371,856 |
| Ar an 31 Nollaig 2017 | 192,742 | 69,611 | 35,153 | 169,697 | 24,933 | 492,136 |

| An Bhliain roimhe | Athchóiriú Léasachta € | Trealamh Oifige € | Troscán € | Trealamh Ríomhaire € | Bogear. Rí../Suíomh € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ar an 31 Nollaig 2015 | 610,351 | 65,268 | 275,182 | 539,557 | 391,215 | 1,881,573 |
| Breiseanna | | 285 | 9,323 | 28,447 | 30,409 | 68,464 |
| Diúscairtí | | | | (652) | | (652) |
| Ar an 31 Nollaig 2016 | 610,351 | 65,553 | 284,505 | 567,352 | 421,624 | 1,949,385 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2015 | 353,361 | 61,493 | 235,944 | 449,756 | 384,326 | 1,484,880 |
| Muirear don bhliain | 32,124 | 1,413 | 14,129 | 34,756 | 10,499 | 92,921 |
| Diúscairtí | | | | (272) | | (272) |
| Ar an 31 Nollaig 2016 | 385,485 | 62,906 | 250,073 | 484,240 | 394,825 | 1,577,529 |
| **Glanluach na Leabhar** | | | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2015 | 256,220 | 3,775 | 39,238 | 89,801 | 6,889 | 396,693 |
| Ar an 31 Nollaig 2016 | 224,866 | 2,647 | 34,432 | 83,112 | 26,7,99 | 371,856 |

### 9. FEICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí | 132,894 | 118,814 |
| Féichiúnaithe | 4,977 | 6,560 |
| Aisíocaíocht ranníocaíochtaí aoisliúntais | 14,867 | 178,975 |
| | 152,7381 | 304,349 |

Tá gach féichiúnaí dlite laistigh de bhliain amháin.

### 10. CREIDIÚNAITHE

**Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin**

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe is Soláthraithe | 192,019 | 100,469 |
| CBL | 8,106 | 17,966 |
| Cáin choinneála m. l. seirbhísí gairmiúla | 8,123 | 9,201 |
| Asbhaintí Párolla | 236,183 | 236,884 |
| Soláthar do phá saoire | 264,858 | 208,729 |
| Fabhruithe | 249,632 | 82,293 |
| Creidiúnaithe eile | 27.168 | |
| | 986,089 | 655,542 |

### 11. CUNTAS CAIPITIL

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 371,856 | 396,693 |
| Cuntas caipitil a bhaineann le NBSS/SESS sócmhainní seasta amhail 20 Márta 2017 | 32,475 | |
| | 404,331 | 396,693 |
| Ioncam a úsáideadh chun Sócmhainní a cheannach | 207,816 | 68,464 |
| Caillteanas ar shócmhainní a dhiúscairt | (163) | (380) |
| Amúchadh i gcomhréir le dímheas sócmhainne | (119,848) | (92,921) |
| Aistriú chuig/ (ón) gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | 87,805 | (24,837) |
| Iarmhéid Deiridh | 492,136 | 371,856 |

### 12. CEANGALTAIS FAOI LÉASANNA OIBRÍOCHTA

Oibríonn an NCSE gréasán 32 oifig ar fud an Stáit, lena n-áirítear a Ceanncheathrú i mBaile Átha Troim, Contae na Mí. Is ar cíos a fhaightear formhór na n-oifigí ó aonáin atá á gcistiú ag an Rialtas. Oibrítear ceithre cinn d'oifigí trí chomhaontuithe léasa* idir an NCSE agus comhlachtaí tráchtála.

**12. CEANGALTAIS FAOI LÉASANNA OIBRÍOCHTA *(ar lean.)***

Tá comhaontuithe ligin ag an NCSE le 5 chomhlacht tráchtála:

- Léas 1 i gcomhair 4 bliana agus 9 mí, bhí deireadh leis i mí Eanáir 2015[13], cíos bhliantúil €16,638
- Léas 2 i gcomhair bliana amháin ón 1 Iúil 2017, cíos bhliantúil €5,395
- Léas 3 i gcomhair 3 bliana, ón 1 Lúnasa 2015, cíos bhliantúil €14,760
- Léas 4 i gcomhair 4 bliana agus 9 mí ón 1 Lúnasa 2015, cíos bhliantúil €10,000
- Léas 5 i gcomhair bliana amháin, ón 1 Eanáir 2015[14], cíos bhliantúil €19,680

Is ionann an chíos bhliantúil a ghearrtar ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais i leith na gcomhaontuithe léasa seo agus €60,037 (2016: €53,993).

Ag deireadh na bliana tá íocaíochtaí léasa íosta faoi léasanna oibríochta ag an gComhairle a bheidh dlite mar seo a leanas:

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | € | € |
| laistigh de bhliain amháin | 60,323 | 46,793 |
| le linn na mblianta 2 go 5 | 13,333 | 31,943 |
| ag dul in éag dá éis sin | | |
| | 73,656 | 78,736 |

*Níl na comhaontuithe seo faoi féir athbhreithniú cíosa.

**13. ÁITREABH**

Tá an NCSE in áitribh ag 1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí faoi chomhaontú cíosa le hOifig na nOibreacha Poiblí. Is ar feadh téarma 20 bliain a mhaireann an comhaontú sin, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2004. Lena chois sin atá comhaontuithe cíosa ag an gComhairle i leith 31 mhaoin eile ag ionaid éagsúla ar fud na tíre. Is ionann an muirear cíosa bliantúil iomlán atá luaite sna ráitis airgeadais don bhliain 2017 agus €374,388 (2016: €383,648).

**14. SEASAMH MAIDIR LE CISTIÚ**

Deontas is ea ioncam an NCSE ón Roinn Oideachais agus Scileanna a chuirtear ar fáil chun freastal ar dhliteanais a thagann in aibíocht le linn na bliana i gcodarsnacht le caiteachas a thabhaítear le linn na bliana. Freastalófar ar easnamh ar bith trí chistiú a thabharfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna don NCSE amach anseo.

Tá ar an NCSE fabhrú le haghaidh costais teidlíochtaí saoire bliana nár úsáideadh ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe (Nóta 10). Tá an t-saoire bhliantúil ar fad atá fabhraithe ag deireadh na bliana faoi réir rialacha na hImlitreacha 27/03 agus 06/2011. Dá réir sin is féidir cuid den t-saoire bhliantúil a thabhairt ar aghaidh faoi réir teorainneacha. Chomh maith leis is is féidir saoire bhliantúil iomarcach atá fabhraithe ag baill foirne a chailliúint.

[13] Tá comhaontú déanta chun an t-áitreabh a choinneáil le linn cóiríocht eile a bheith á foinsiú
[14] Síneadh le comhaontú agus rachaidh sé in éag ar an 14 Nollaig 2018

**15. TEAGMHAIS IARCHLÁIR CHOMHARDAITHE**

Ní raibh aon theagmhais iarchláir chomhardaithe suntasacha.

**16. BAILL NA COMHAIRLE – NOCHTADH LEASA**

Ghlac an Chomhairle le nósanna imeachta i gcomhréir le Cód Cleachtais na Roinne Airgeadais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit i ndáil le nochtadh leasanna Bhaill na Comhairle.

Íocadh €6,983 le ball amháin den gComhairle le linn na bliana maidir le seirbhísí gairmiúla a tugadh i ndáil le hAthbhreithniú Cuimsitheach ar Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta. Ní raibh aon bhaint ag na seirbhísí seo lena ról mar bhall den gComhairle (2016: € 3,126).

**17. FAISNÉIS CHOMPARÁIDEACH ÓN mBLIAIN ROIMHE**

Más infheidhme rinneadh an fhaisnéis chomparáideach i dtaobh na bliana roimhe a athghrúpáil/athrangú sa bhliain reatha chun críocha inchomparáideachta agus comhsheasmhachta agus d’fhonn feabhas a chur ar chur i láthair na ráitis airgeadais.

**18. FAOMHADH NA RÁITIS AIRGEADAIS**

D’fhaomh an Cathaoirleach agus an POF na ráitis airgeadais an 25 Deireadh Fómhair 2018.